Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14452/25**

**ECOFIN 1415**
**UEM 517**
**FIN 1250**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Rómáin plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 31 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 29 Deireadh Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3].

(2) An 12 Meán Fómhair 2025 rinne an Rómáin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Rómáin.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Rómáin isteach mar gheall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 164 bheart.

(4) Tá sé mínithe ag an Rómáin nach féidir aon bheart amháin a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, mar gheall ar ardú praghsanna. Baineann sé sin le beart C13.I1. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Rómáin go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

---

[2] Féach doiciméid ST 12319/21 INIT; ST 12319/21 ADD 1 ag https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/.

[3] Féach doiciméid ST 15833/23 agus ST 15833/23 ADD 1 ag https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/.

(5) Tá sé mínithe ag an Rómáin nach féidir cúig bheart a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, de bharr suaitheadh sa slabhra soláthair. Baineann sé sin le bearta C6.I4, C15.I9, C15.I11,; C15.I16 agus C16.I5. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Rómáin go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(6) Tá mínithe ag an Rómáin nach féidir 66 bheart a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, mar gheall ar imthosca gan choinne nó moilleanna suntasacha cur chun feidhme nach bhfuil neart ag an mBallstát orthu, lena n-áirítear saincheisteanna feidhmíochta conraitheora agus baic ar dhul chun cinn na mbeart a d'fhág nach raibh an phleanáil tosaigh indéanta. Áirítear leis sin bearta nach féidir a bhaint amach go páirteach a thuilleadh san fhoirm ina bhfuil siad faoi láthair mar gheall ar easpa éilimh nó éileamh neamhleor a bheith ann. Baineann sé sin le bearta C1.R2, C1.I1, C1.I2, C1.I4, C1.I5, C2.I1, C2.I2, C2.I3, C2.I4, C3.I1, C3.I2, C3.I3, C4.I1, C4.I2, C4.I3, C5.I1, C5.I2, C5.I4, C6.I2, C6.I3, C7.I3, C7.I4, C7 I8, C7.I9, C7 I15, C7.I17 C8.I1, C8.I3, C8.I4, C8.I5, C8.I7, C8.I10, C9.R1, C9 I3, C9.I4, C10.R5, C10 I1, C10.I2, C10.I4, C11.I1, C11.I2, C11.I4, C11.I5, C11.I6, C11.I7, C12.I1, C12.I2, C13.I2, C13.I4, C14.R4, C14.R6, C14.I4, C15.R2, C15.R4, C15.I1, C15.I2, C15.I3, C15.I4, C15.I6, C15.I8, C15.I10, C15.I13, C15.I14, C15.I17, C15.I18 agus C16.I7. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Rómáin go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(7) Tá mínithe ag an Rómáin go bhfuil 16 mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le bearta C2.I5, C5.R1, C6.I5, C8.R1, C8.R5, C8.I2, C8.I8, C9.R2, C9.R3, C9.R4, C9.I2, C9.I5, C10.I3, C14.R5, C15.R7 agus C16.I4. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Rómáin na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Tá mínithe ag an Rómáin go bhfuil 61 bheart leasaithe chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach fós an tráth céanna. Baineann sé sin le bearta C1.I6, C2.R1, C2.R2, C3.R1, C4.R1, C4.R2, C6.R1, C6.R2, C6.R3, C6.R4, C6.R6, C7.I1, C7.I2, C7.I5, C7.I6, C7.I7, C7.I10, C7.I11, C7.I12, C7.I13, C7.I14, C7.I16, C7.I18, C7.I19, C8.R2, C8.R3, C8.R4, C8.R6, C8.I6, C8.I9, C9.R5, C9.I1, C9.I8, C9.I9, C9.I10, C10.R1, C10.R2, C10.R3, C10.R4, C11.R1, C11.R3, C12.R1, C12.R3, C13.R1, C13.R2, C13.R3, C13.R4, C13.I3, C14.R1, C14.R2, C14.R3, C14.R7, C14.R8, C14.R9, C15.R1, C15.R5, C15.I5, C16.R1 agus C16.R2. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Rómáin go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(9) Tá iarrtha ag an Rómáin go mbainfí 15 bheart de bharr imthosca oibiachtúla. Baineann sé sin le bearta C1.I3, C1.I7, C4.I4, C5.I3, C9.I6, C9.I7, C14.I1, C14.I2, C14.I3, C15.I7, C15.I12, C15.I15, C16.I1, C16.I3 agus C16.I6. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(10) Tar éis na leasuithe ar bhearta i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 agus an laghdaithe ghaolmhair ar an gcostas foluiteach, tá iarrtha ag an Rómáin úsáid a bhaint as na hacmhainní a cuireadh ar fáil trí bhearta a bhaint agus leibhéal a gcur chun feidhme a laghdú. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Rómáin go ndéanfaí 20 beart nua a chur isteach: C3.I1a (Lárionaid bailithe dramhaíola dheonacha a thógáil ar leibhéal an chontae nó ar leibhéal na cathrach/an bhardais); C4.I3a (Inbhuanaitheacht an bhonneagair bóithre ar ghréasán TEN-T, muirearú bóithre, bainistiú tráchta agus sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú); C5.I1a (Ciste rabharta athchóirithe a bhunú chun oibreacha a mhaoiniú chun éifeachtúlacht fuinnimh an stoic foirgneamh atá ann cheana a mhéadú); C6.I4a (Toilleadh nua stórála leictreachais); C6.I5a (Éifeachtúlacht fuinnimh a áirithiú san earnáil thionsclaíoch); C7.I19a (Scéimeanna chun fostaithe i ngnólachtaí a uas-sciliú/a athsciliú); C8.I11 (Instealladh cothromais sa Bhanc Forbartha Náisiúnta); C9.R2a (Rialachas taighde, forbartha agus nuálaíochta a chuíchóiriú); C9.I2.2a (Ionstraimí airgeadais don earnáil phríobháideach); C9.I3.1a (Scéimeanna cabhrach earnála príobháidí); C9.I5a (Lárionaid Inniúlachta a bhunú); C10.I3a (Athchóiriú foirgneamh poiblí chun tacú le seachadadh seirbhíse poiblí níos fearr ag aonaid chríochacha riaracháin); C11.R3a (An córas cistiúcháin d'earnáil an chultúir a athchóiriú); C12.I3 (Ospidéil phoiblí); C12.I4 (Cúram sláinte éigeandála a nuachóiriú), C15.I1a (Naíolanna a thógáil agus a fheistiú); C15.I10a (Tógáil líonra na scoileanna glasa); C15.I16a (Digiteáil ollscoileanna agus a n-ullmhúchán do ghairmeacha digiteacha na todhchaí); C16.I4a (Scéim Dearbháin chun dlús a chur le leathadh amach fuinnimh in-athnuaite ag teaghlaigh); agus C16.I8 (Conarthaí maidir le leithdháileadh difríochta). Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

*Dáileadh cloch míle agus spriocanna*

(11) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Rómáin i láthair a chur san áireamh.

*Measúnú an Choimisiúin*

(12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach*

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Rómáine a neartú, lena gcuirfear le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(14) Baineann na leasuithe ar an rannchuidiú le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach leis an leithdháileadh do bhearta nua C8.I11(Instealladh cothromais sa Bhanc Náisiúnta Forbartha) agus C12.I4 (Cúram sláinte éigeandála a nuachóiriú), go háirithe trí bhearta a chur san áireamh, faoi seach, chun tacú leis an acmhainneacht fáis trí choigeartú struchtúrach a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta poiblí atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar chliseadh margaidh agus bearta chun tacú le hathléimneacht sláinte trí chúram sláinte éigeandála a nuachóiriú.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 40,6 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus 97,6 % de chostas mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

(16) Baineann na leasuithe ar an rannchuidiú leis an aistriú glas leis na leasuithe ar na 39 mbeart, i.e. C2.I2, C2.I3, C3.I1, C3.I3, C4.I2, C4.I3, C4.I4, C5.I1, C5.I3, C6.I2, C6.I3, C6.I4, C6.I5, C9.I2, C10.I1, C10.I2, C10.I3, C11.I2, C11.I4, C12.I1, C12.I2, C13.I1, C13.I2, C15.I1, C15.I6, C16.I1, C16.I4 agus C16.I5. Ar an iomlán, de bharr na ndifríochtaí in ábhar clibeála aeráide an bhirt mhéadaithe agus na mbeart laghdaithe, tá glan-laghdú ar an ranníocaíocht fhoriomlán 3,5 % ó 44,1% go 40,61 % le sprioc aeráide an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gceist leis na leasuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine. Na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe lena n-áirítear i gcaibidil REPowerEU, bearta a bhaineann leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, bíonn tionchar marthanach acu toisc go ndírítear leis na bearta ar athruithe struchtúracha chun spleáchas foriomlán na Rómáine ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus chun coigilteas fuinnimh a mhéadú trí aistriú go teicneolaíochtaí glasa, go háirithe iad siúd a bhaineann le foinsí fuinnimh in-athnuaite agus le cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn ar feadh earnálacha éagsúla. Mar thoradh air sin, rannchuidíonn na bearta freisin le spriocanna 2030-2050 agus leis an gcuspóir Aontas aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 21,3 % í de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(18) Baineann na leasuithe ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach leis an laghdú ar an leithdháileadh le haghaidh 29 mbeart, i.e. C1.I4, C1.I7, C3.I1, C3.I3, C4.I2, C4.I3, C6.I.4, C7.I3, C7.I4, C7.I5, C7.I8, C7.I9, C7.I15, C7.I17, C7.I18, C7.I19, C9.I2, C9.I3, C10.I2, C10.I4, C11.I1, C12.I2, C15.I2, C15.I4, C15.I6, C15.I13, C15.I14 agus C16.I5. Ar an iomlán, de bharr na ndifríochtaí in ábhar clibeála aeráide an bhirt mhéadaithe agus na mbeart laghdaithe, tá glan-laghdú ar an ranníocaíocht fhoriomlánó 21,8 % go 21,3% le sprioc dhigiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gceist leis na leasuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(20) Baineann na leasuithe ar an rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU leis an leithdháileadh le haghaidh bheart nua C16.I8 (Conarthaí maidir le leithdháileadh difríochta), trí infheistíochtaí a chur san áireamh lena dtacaítear le tionscadail giniúna leictreachais in-athnuaite, lena ndreasaítear teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain a chur in úsáid go tapa agus lena laghdaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise.

***Costáil***

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(22) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais le haghaidh bearta nua agus le haghaidh na mbeart atá ann cheana a raibh measúnú costais nua i gceist lena modhnuithe go bhfuil an chuid is mó de na costais réasúnta agus inchreidte. I líon fíorbheag cásanna, bhí teorainn leis na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh, mar gheall i bpáirt, mar gheall i bpáirt ar úrnuacht na mbeart. Cuireann sé sin bac ar rátáil A don chritéar measúnaithe seo. Ina theannta sin, bhí údar leis na hathruithe ar na meastacháin ar chostais i gcás na mbeart modhnaithe eile, bhí siad comhréireach leis na spriocanna athbhreithnithe nua agus thacaigh ríomhanna mionsonraithe agus fianaise leo, agus mar sin níor athraíodh réasúnaíocht ná sochreidteacht na meastachán sin ar chostais i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(23) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Rómáin chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (d), (db), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

*Measúnú dearfach*

(24) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(25) Is é EUR 21 410 527 593 costas iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Rómáine. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Rómáin, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Rómáine, ba cheart gurb é EUR 13 566 055 514 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Rómáin.

[4] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Iasachtaí*

(26) Chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, cuireadh tacaíocht iasachta iomlán EUR 14,931,380,419 ar fáil don Rómáin trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis leibhéal cur chun feidhme bhearta C1.I1 a bhaint agus a laghdú; C1.I2, C1.I3, C1.I4a, C1.I7, C2.I4a, C3.I2, C4.I3, C4.I4, C5.I1, C5.I3, C6.I2, C6.I3, C6.I4, C7.I18, C9.I2a, C9.I6, C9.I7, C10.I2, C10.I3, C10.I4, C11.I1, C15.I13, C15.I15, C15.I17 agus C16.I6 faoi Airteagal 21 de Rialachán 2021/241, tá iarrtha ag an Rómáin cuid de na hacmhainní iasachta uile a cuireadh ar fáil a úsáid chun tacú le bearta nua nó chun leibhéal cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana laistigh den phlean téarnaimh agus athléimneachta a mhéadú. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta níos ísle ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don Rómáin agus an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Rómáin trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht iasachta iomlán a chuirtear ar fáil don Rómáin a laghdú go EUR 7 844 472 079.

(27) Ba cheart méid na ranníocaíochta airgeadais don Rómáin a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241 agus ba cheart méid na hiasachta a leagan amach i gcomhréir le hAirteagal 20(5), pointe (h), den Rialachán sin. Mar sin féin, de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 maidir le laghdú ar mhéid an dara tráthchuid den tacaíocht iasachta don Rómáin, arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24(8) de Rialachán (AE) 2021/241, laghdaíodh an iasacht faoi EUR 10,772,581 agus ní féidir leis an Rómáin a heisíocaíocht a iarraidh ar an gCoimisiún.

(28) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a ionadú go hiomlán.

(29) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a d'fhéadfaí a dhéanamh, go háirithe faoi Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh. Ní ghabhann sé treis ar an gceanglas atá ar na Ballstáit na bearta a chur chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus, go háirithe, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Airteagal 108 den Chonradh,

,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Rómáine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Rómáin mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Rómáin arb ionann í agus uasmhéid EUR 7 844 472 079’;

(2) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an Rómáin.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*